

TREOIR MAIDIR LE HAITHEANTAS POIBLÍ AGUS LÓGÓNNA.

Is coinníoll deontais é go dtabharfar aitheantas poiblí do thacaíocht an Údaráis agus na Comhairle Ealaíon trí Ealaín na Gaeltachta Teo., don togra. Mura ndéantar é seo ag gach céim den togra do shástachta na maoinitheoirí, ní bheidh aon rogha ach céatadán áirithe den ndéontas a choimeád siar.

- Ba chóir go dtabharfar aitheantas poiblí do thacaíocht an Údaráis agus na Comhairle Ealaíon ar aon fhoilseacháin nó in aon agallamh leis na meáin chumarsáide. Ba cheart “lógó” Ealaín an Gaeltachta Teo., Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon a bheith léirithe ar aon ábhar fógraíochta, preasráitis, bileoga eolais, srl. na meáin leictreonach san áireamh;
- Más é Ealaín na Gaeltachta an phríomhfhoinsé maoinithe, ní mór tús áite a thabhairt do lógónna Ealaín na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta sa tsraith lógónna.
- Ba chóir cuireadh a thabhairt do chomhaltaí áitiúla an Údaráis agus baill den Chomhairle Ealaíon chuig aon fháiltiú nó ócáid phoiblí a bhaineann le himeachtaí an ghrúpa/an choiste. Maraon leis an mBainisteoir Réigiúnach d’Údarás na Gaeltachta sa cheantar.
- Ba chóir go dtabharfadh preas-eisiúintí agus ábhair eile, ina measc óráidí (m.sh. ag oíche oscailte/seoladh), an t-aitheantas ceart don mhaoiniú a thugann Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon, trí Ealaín na Gaeltachta. Mar shampla “Aithníonn an eagraíocht an chabhair mhór a thug tacaíocht airgeadais Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaín trí Ealaín na Gaeltachta, chun an togra seo a chur ar bun”
- Ba chóir poiblíocht mhaith a fháil don tionscnamh agus d’Údarás na Gaeltachta, d’Ealaín an Gaeltachta agus don Chomhairle Ealaíon mar urraitheoirí;
- Ba chóir go gcuirfeadh ar fáil ar a laghad sé ghrianghraif d’ardchaighdeán a léireoidh réimsí éagsúla den tionscnamh;
- Má tá suíomh gréasáin agat nó ag d’eagraíocht, ní mór do lógónna Ealaín na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta a bheith ar an leathanach baile agus é suite ‘taobh thuas den fhilleadh’, i dtreo is nach gá don úsáideoir scrollú síos chun iad a fheiceáil. Tá ort nasc chuig na suíomhanna www.ealain.ie, www.artscouncil.ie, www.udaras.ie, a chur ar fáil chomh maith ionas go bhfaighidh níos mó daoine eolas fúinn agus faoi na foirmeacha ealaíne a ndéanaimid cistiú orthu.
- Má úsáideann tú aon ardáin eile atá bunaithe ar an ngréasán amhail MySpace nó suíomh líonraithe eile chun do shaothar a phoibliú, ní mór duit na lógónna maoinithe a thaispeáint.
- Is féidir na lógónna a íoslódáil ónár suíomh gréasáin www.ealain.ie agus má tá aon fhadhb agat, téir i dteagmháil leis an Áisitheoir Ealaíon áitiúil.

Tá treoir breise le fáil ar shuíomh na Comhairle Ealaíon Treoir maidir le lógónna agus aitheantas poiblí <http://www.artscouncil.ie/ga/homepage.aspx>